Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9430/25**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2013/0072 (COD)**

**AVIATION 63**
**CONSOM 92**
**CODEC 690**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí sa chás nach gceadaítear dóibh bordáil agus sa chás ina gcuirtear eitiltí ar ceal nó go gcuirtear moill fhada orthu, agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer<br>– Comhaontú polaitiúil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an téacs comhréitigh a mhol an Uachtaránacht le haghaidh Iarscríbhinn I.

## Iarscríbhinn 1

**'Iarscríbhinn: liostaí in-nuashonraithe d'imthosca a mheastar a bheith ina n-imthosca urghnácha agus d'imthosca a mheastar nach tosca urghnácha iad chun críocha an Rialacháin seo**

1. Measfar gur imthosca urghnácha iad na himthosca seo a leanas:

(a) Imthosca nach bhfuil baint acu le hoibriú an aerárthaigh, cuir i gcás:

i. tubaistí nádúrtha agus/nó comhshaoil nach bhfuil comhoiriúnach le hoibriú sábháilte na heitilte;

ii. cúinsí meitéareolaíocha agus damáiste don aerárthach a bhaineann le tarluithe meitéareolaíocha nach bhfuil comhoiriúnach le hoibriú sábháilte na heitilte (tintreach, clocha sneachta, stoirmeacha toirní, suaiteacht thromchúiseach, gaoth láidir);

iii. cogadh nó éirí amach nach bhfuil comhoiriúnach le hoibriú sábháilte na heitilte;

iv. bagairtí trasteorann ar an tsláinte a thagann faoi raon feidhme Airteagail 2(1) nó 2(4) de Rialachán (AE) 2022/2371 nach bhfuil comhoiriúnach le hoibriú sábháilte na heitilte; agus

v. imbhuailtí idir an t-aerárthach agus éan nó rud eachtrach eile nach bhfuil comhoiriúnach le hoibriú sábháilte na heitilte.

(b) Teagmhais a bhaineann le paisinéir, lena n-áirítear:

i. teagmhais a bhaineann le paisinéirí ainrianta de réir bhrí Phrótacal Montréal 2014 nach bhfuil comhoiriúnach le hoibriú sábháilte na heitilte nó a chuireann moill ar imeacht na heitilte;

ii. rioscaí sláinte nó éigeandálacha leighis (tinneas tromchúiseach cuir i gcás) a thugtar faoi deara go gairid roimh imeacht na heitilte, nó lena n-éilítear go stoptar an eitilt nó go n-imítear ó ruthag na heitilte;

(c) iompar tríú páirtí, cuir i gcás:

i. rioscaí slándála, damáistí de bharr gníomhartha sabaitéireachta nó sceimhlitheoireachta, nó gníomhartha neamhdhleathacha, nach bhfuil comhoiriúnach le hoibriú sábháilte na heitilte;

ii. fabht ceilte monaraíochta nó deartha a nochtann an monaróir nó údarás inniúil agus nach bhfuil comhoiriúnach le hoibriú sábháilte na heitilte;

iii. srianta a bhaineann le bainistiú aerthráchta nó le hacmhainneacht aerfort, nó le dúnadh aerspáis;

iv. dúnadh neamhsceidealta aerfoirt, bíodh sé páirteach nó iomlán, lena n-áirítear cliseadh ginearálta ar chórais aerfoirt, gearradh cumhachta agus cliseadh cumarsáide leictreonaí, nó an plean teagmhasach a bheith gníomhachtaithe ag comhlacht bainistithe an aerfoirt;

v. stailceanna i soláthraithe seirbhísí bunriachtanacha, cuir i gcás, comhlacht bainistithe an aerfoirt, Soláthraithe Seirbhísí Aerloingseoireachta, soláthraithe seirbhísí ar an talamh, nó san aeriompróir oibriúcháin i gcás ina bhfuil na stailceanna nasctha le héilimh lasmuigh de shainchúram an iompróra oibriúcháin;

vi. ball foirne atá riachtanach d’oibriú na heitilte a bheith as láthair gan choinne, de dheasca breoiteachta nó báis, nuair a tharlaíonn sé sin lasmuigh de bhunáiteanna baile an aeriompróra oibriúcháin nó mar gheall ar phaindéim;

vii. damáiste don aerárthach arna dhéanamh ag tríú páirtithe, nach bhfuil an t-aeriompróir freagrach astu, ar an talamh agus nach bhfuil comhoiriúnach le hoibriú sábháilte na heitilte;

viii. damáiste do bhonn rotha aerárthaigh arb é rud eachtrach is cúis leis agus nach bhfuil comhoiriúnach le hoibriú sábháilte na heitilte;

ix. rúidbhealach aerfoirt a bheith éillithe ar bhealach nach bhfuil comhoiriúnach le hoibriú sábháilte na heitilte;

x. easnaimh sábháilteachta eitilte gan choinne ar threalamh aerárthaí a fhágann nach bhfuil siad de chaighdeán oibriúcháin inghlactha mar a shainítear sa mháistirliosta trealaimh íosta nó na híosdálaí oibriúcháin trealaimh a

bhunaítear ann agus nárbh fhéidir a leigheas le linn cothabháil choisctheach (dá bhforáiltear faoi 2(i)); agus

xi. tar éis imeachta, rioscaí sláinte nó éigeandálacha leighis (mar shampla, tinneas tromchúiseach) a bhaineann le ball foirne lena n-éilítear go stoptar an eitilt nó go n-imítear ó ruthag na heitilte.

2. Ní mheasfar gur imthosca urghnácha iad na himthosca seo a leanas:

i. fadhbanna teicniúla a d’fhéadfaí a leigheas le linn cothabháil choisctheach i gcomhréir le rialacha agus nósanna imeachta an Aontais maidir le haeracmhainneacht leanúnach aerárthaí a bhainistiú;

ii. cinntí oibríochtúla, moill ar an bhfoireann nó ar nósanna imeachta seiceáil isteach/bordála; agus

iii. an fhoireann eitilte nó an fhoireann cábáin gan a bheith ar fáil (ach amháin más stailceanna a chumhdaítear faoi 1(c)v is cúis leis sin nó neamhláithreachtaí gan choinne de dheasca breoiteachta nó báis a chumhdaítear faoi 1(c)vi).’